

Hup A Neidí



Bhí fear bocht ina chónaí leis féin i sráidbhaile beag. Bhuel, ní leis féin ar fad mar bhí sean-asal aige, Neidí.

Lá amháin chuardaigh sé a thigh le haghaidh rud éigint le n-ithe. Ní raibh aon rud fágtha, fiú amháin crústa aráin.

“Hup, a Neidí”, ar seisean. Chuadar go dtí an gcoill. Bhailigh an fear bocht adhmaid. Chuaigh sé go dtí an mbaile mór ansan chun é a dhíol.

Adhmaid breá don dtine. Tháinig fear. D’fhéach sé ar an adhmaid go léir a bhí ar dhrom Neidí. Bearbóir a bhí ann.

“Cé méad ar an ualach san?” arsa an bearbóir.

D’fhreagair an fear bocht é.

“I bhfad ródhaor,” arsa an bearbóir.

Bhí ar an bhfear bocht an t-adhmaid a dhíol ar phraghas ana-íseal.

“Hup a Neidí,” arsa an fear bocht.

“Hup a Neidí,” arsa an bearbóir.

“Fuaireas praghas uait ar an ualach san ná fuaireas?” arsa an bearbóir.

“Fuairis”, arsa an fear bocht.

“Agus thugas an t-airgead duit nár thugas?” arsa an bearbóir.

“Thugais,” arsa an fear bocht.

“Tabhair dom an diallait mar sin,” arsa an bearbóir.

“Cuid don ualach is ea an diallait.”

Bhí an fear bocht trína chéile. Thug sé an diallait dó. Bhí fearg air. Ní raibh se ábalta codladh ná ithe. D’éirigh sé go luath maidin lá arna mháireach.

“Hup a Neidí,” ar seisean.

Chuadar go dtí an mbaile mór.



Chonaic sé siopa an bhearbóra. Isteach leis.

“Cad a chosnódh sé mise agus mo chara a bhearradh?” arsa an fear bocht.

D’fhreagair an bearbóir é.

“Tá go maith” arsa an fear bocht.

Shuigh sé síos agus bhearr an bearbóir é.

“Anois cá bhfuil do chara?” arsa an bearbóir.

“Tá sé amuigh áit éigin, tabharfad isteach chugat e,” arsa an fear bocht.

“Maith an fear,” arsa an bearbóir, “ná bí ró fhada.”

Tháinig an fear bocht thar n-ais agus Neidí ina theannta.

“Nílimse chun an t-ainmhí sin a bhearradh,” arsa an bearbóir agus a aghaidh ag lasadh suas.

“Tá an margadh déanta againn,” arsa an fear bocht. “Cabhródsa leat an gallúnach a chur air. Suigh síos ansan a Neidí,” arsa an fear bocht agus an scuaibín ina láimh aige.

“Gallúnach más é do thoil é.”

“Nílimse chun asal a bhearradh, a deirim leat,” arsa an bearbóir ag sciobadh an scuaibín ón bhfear bocht.

“Bearraídh tú,” arsa an fear bocht. Thuig an bearbóir ansan.

“D’imríos cleas ortsa?”

Ní hamháin gur thug sé an diallait thar n-ais do, thug sé rásúr breá nua do chomh maith. Cheannaigh an fear bocht cairéad mór don asal.

“Hup a Neidí”, ar seisean agus abhaile leo go sásta.